**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric shuimiúla faoin athrú aeráide.**

## Fíric a hAon

Is éard atá i gceist leis an athrú aeráide próiseas téimh an Domhain atá ag tarlú mar gheall ar an damáiste atá déanta don timpeallacht. Tá an Domhan ag téamh mar gheall ar an méid mór gás san atmaisféar ina bhfuil teas á cheapadh. Gáis ceaptha teasa a thugtar ar na gáis sin de bhrí gurb iad is cúis le teas a bheith á cheapadh ag an Domhan cosúil le teach gloine. Is é dé-ocsaíd charbóin agus meatán an dá phríomhghás ceaptha teasa san atmaisféar, agus scaoiltear iad ar go leor bealaí difriúla.

## Fíric a Dó

Is féidir leis an timpeallacht neart tairbhe a bhaint as crainn de bhrí go n-análaíonn siad dé-ocsaíd charbóin agus go stórálann siad í chun í a aistriú go dtí ocsaigin. Tarlaíonn dífhoraoisiú mar gheall ar go leor cúiseanna lena n-áirítear páipéar a dhéanamh agus chun áit a chur ar fáil d'fhoirgnimh. Nuair a ghearrtar síos na crainn seo ar fad ciallaíonn sé go bhfuil i bhfad níos lú dé-ocsaíde carbóin á ionsú agus go bhfuil an carbón atá á stóráil sna crainn á scaoileadh ar ais san atmaisféar.

## Fíric a Trí

Tá ról tábhachtach ag an aigéan sa timpeallacht de bhrí go n-ionsúnn sé teas agus go ndáileann sé é ar fud an phláinéid. Níl an méadú teasa san atmaisféar go maith don aigéan de bhrí go dtéann sé suas ag leibhéal níos airde ná mar a bhfuil an t-aigéan in ann déileáil leis. Má tá an t-uisce san aigéan róthe d'fhéadfadh sé cur isteach ar phlandaí agus ar choiréal ar ghrinneall na farraige. Cabhraíonn na plandaí sin go mór leis an bpláinéad de bhrí gur féidir leo dé-ocsaíd charbóin a ionsú.

## Fíric a Ceathair

Nuair a cheannaíonn tú buidéal uisce nó sú, nó nuair a cheannaíonn tú torthaí nó glasraí a bhfuil plaisteach tanaí mórthimpeall orthu, tá úsáid á baint agat as plaisteach aon úsáide. Ní úsáidtear an plaisteach sin ach uair amháin ach fanfaidh sé sa timpeallacht i gcomhair 500 bliain. D'fhéadfadh an plaisteach sin dul isteach san aigéan áit a bhféadfadh sé ainmhithe a ghortú nó d'fhéadfaí é a chur i líonadh talún áit a bhféadfadh sé ceimiceáin a scaoileadh isteach sa timpeallacht. Trí úsáid a bhaint as buidéil ar féidir iad a athlíonadh, málaí ar féidir iad a athúsáid agus torthaí agus glasraí nach bhfuil plaisteach mórthimpeall orthu a cheannach, is féidir linn plaisteach aon úsáide, a dhéanann dochar don phláinéad, a laghdú.

**Fíric a Cúig**

Nuair atá sibh sa bhaile, is féidir libh cabhrú chun an tionchar atá agaibh ar an bpláinéad a laghdú agus cabhrú chun éifeachtaí an athraithe aeráide a chosc. Nuair a fhágann sibh seomra, déan cinnte go múchann sibh na soilse agus na lasca. Nuair a fheiceann sibh sconna atá ag sileadh laghdaigh an fuíolluisce tríd an sconna a chasadh as go hiomlán. Agus nuair a chaitheann sibh rud éigin sa bhosca bruscair, cinntigh go bhfuil an bosca bruscair athchúrsála in úsáid agaibh más féidir libh an rud sin a athchúrsáil. Agus bain triail as bláthanna fiáine a chur in bhur ngairdín atá go maith do phailneoirí chun cabhrú leis na feithidí cabhrú leis an bpláinéad. Níl ansin ach cúpla rud simplí is féidir libh a dhéanamh chun cabhrú leis an bpláinéad!

Tá súil agam gur thaitin na cúig fhíric shuimiúla sin faoi athrú aeráide libh, feicfidh mé arís sibh!

